



2025/1219

19.6.2025

Aistriúchán

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Trédhearcacht in Eadráin Chonradh-bhunaithe idir Infheisteoirí agus Stáit

Brollach

TÁ NA PÁIRTITHE SA CHOMHAONTÚ SEO,

AGUS É Á AITHINT ACU luach na headrána mar mhodh chun díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcomhthéacs an chaidrimh idirnáisiúnta a réiteach, agus a fhorleithne agus a fhairsinge atá an úsáid a bhaintear as an eadráin chun díospóidí idir infheisteoirí agus Stáit a shocrú,

AGUS É Á AITHINT ACU FREISIN an gá atá le forálacha maidir le trédhearcacht i dtaca le díospóidí conradh-bhunaithe idir infheisteoirí agus Stáit a shocrú chun leas an phobail a bhfuil baint acu le headráin den sórt sin a chur san áireamh,

AGUS É Á CHREIDIÚINT ACU go rannchuideodh na Rialacha maidir le Trédhearcacht in Eadráin Chonradh-bhunaithe idir Infheisteoirí agus Stáit a ghlac Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí Trádála Idirnáisiúnta an 11 Iúil 2013 ('Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht'), a bhfuil éifeacht leo ón 1 Aibreán 2014, go mór le creat dlíthiúil comhchuibhithe a bhunú chun díospóidí infheistíochta idirnáisiúnta a réiteach go cothrom agus go héifeachtúil,

AGUS É Á THABHAIRT DÁ nAIRE acu an líon mór conarthaí lena bhforáiltear do chosaint infheistíochtaí nó infheisteoirí atá i bhfeidhm cheana féin, agus an tábhacht phraiticiúil a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht i leith eadrána a chur chun cinn faoi na conarthaí infheistíochta sin a tugadh i gcrích cheana féin,

AGUS É Á THABHAIRT DÁ nAIRE acu freisin Airteagal 1(2) agus (9) de Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht,

TAR ÉIS COMHAONTÚ mar a leanas:

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCoinbhinsiún seo maidir le headráin idir infheisteoir agus Stát nó eagraíocht um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach arna seoladh ar bhonn conradh infheistíochta a tugadh i gcrích roimh an 1 Aibreán 2014 ('eadráin idir infheisteoirí agus Stáit').
2. Ciallaíonn an téarma 'conradh infheistíochta' aon chonradh déthaobhach nó iltaobhach, lena n-áirítear aon chonradh dá ngairtear comhaontú saorthrádála, comhaontú comhtháthaithe eacnamaíoch, creat trádála agus infheistíochta nó comhaontú comhair de ghnáth, nó conradh déthaobhach infheistíochta, ina bhfuil forálacha maidir le hinfeistíochtaí nó infheisteoirí a chosaint agus ceart infheisteoirí dul i muinín eadrána i gcoinne páirtithe conarthacha sa chonradh infheistíochta sin.

Airteagal 2.

Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht a chur i bhfeidhm

Cur i bhfeidhm déthaobhach nó iltaobhach

1. Beidh feidhm ag Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht i ndáil le haon eadráin idir infheisteoirí agus Stáit, cibé acu a thionscnaítear nó nach dtionscnaítear í faoi Rialacha Eadrána UNCITRAL, ina bhfuil an freagróir ina Pháirtí nach bhfuil forchoimeádas ábhartha déanta aige faoi Airteagal 3(1)(a) nó (b), agus gur Stát é an t-éilitheoir ar Páirtí é nach bhfuil forchoimeádas ábhartha déanta aige faoi Airteagal 3(1)(a).

Tairiscint aontaobhach ar chur i bhfeidhm

2. I gcás nach mbeidh feidhm ag Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht de bhun mhír 1, beidh feidhm ag Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht i ndáil le headráin idir infheisteoirí agus Stáit, cibé acu a thionscnaítear nó nach dtionscnaítear í faoi Rialacha Eadrána UNCITRAL, ina bhfuil an freagróir ina Pháirtí nach bhfuil forchoimeádas déanta aige atá ábhartha maidir leis an eadráin sin idir infheisteoirí agus Stáit faoi Airteagal 3(1), agus aontaíonn an t-éilitheoir le cur i bhfeidhm Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht.

An leagan is infheidhme de Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht de bhun mhíreanna 1 nó 2, beidh feidhm ag an leagan is déanaí de na Rialacha sin nach bhfuil forchoimeádas déanta ag an bhfreagróir ina leith de bhun Airteagal 3(2).

Airteagal 1(7) de Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht

4. Ní bheidh feidhm ag abairt deiridh Airteagal 1(7) de Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht i ndáil le headráin idir infheisteoirí agus Stáit faoi mhír 1.

An fhoráil náisiúin barrfhabhair i gconradh infheistíochta

5. Comhaontaíonn na Páirtithe sa Choinbhinsiún seo nach bhféadfaidh éilitheoir foráil náisiúin barrfhabhair a agairt chun féachaint le Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht faoin gCoinbhinsiún seo a chur i bhfeidhm, nó cur i bhfeidhm na Rialacha sin a sheachaint.

Airteagal 3.

Forchoimeádais

1. Féadfaidh Páirtí na nithe seo a leanas a dhearbhu:
 - (a) Ní chuirfidh sé i bhfeidhm an Coinbhinsiún seo maidir le headráin idir infheisteoirí agus Stáit faoi chonradh infheistíochta sonracha, arna shainaithint le teideal agus ainm na bpáirtithe conarthacha sa chonradh infheistíochta sin;
 - (b) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 2(1) agus (2) maidir le headráin idir infheisteoirí agus Stáit a dhéantar trí úsáid a bhaint as sraith shonrach rialacha nó nósanna imeachta eadrána seachas Rialacha Eadrána UNCITRAL, agus inar freagróir é;
 - (c) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 2(2) maidir le headráin idir infheisteoirí agus Stáit inar freagróir é.
 2. I gcás ina ndéanfar athbhreithniú ar Rialacha UNCITRAL maidir le Trédhearcacht, féadfaidh Páirtí, laistigh de 6 mhí ó ghlacadh an athbhreithnithe sin, a dhearbhu nach gcuirfidh sé an leagan athbhreithnithe sin de na Rialacha i bhfeidhm.
 3. Féadfaidh Páirtithe forchoimeádais iolracha a dhéanamh in aon ionstraim amháin. San ionstraim sin, beidh i ngach dearbhu:
 - (a) I ndáil le conradh infheistíochta sonracha faoi mhír (1)(a);
 - (b) I ndáil le sraith shonrach rialacha nó nósanna imeachta eadrána faoi mhír (1)(b);
 - (c) Faoi mhír (1)(c); nó
 - (d) Faoi mhír (2);
- forchoimeádas ar leithligh a d'fhéadfadh tarraingt siar ar leithligh a cheadú faoi Airteagal 4(6).
4. Ní cheadaítear aon fhorchoimeádas cé is moite díobh siúd atá údaraithe go sainráite san airteagal seo.

Airteagal 4.

Forchoimeádais a fhoirmliú

1. Féadfaidh Páirtí forchoimeádais a dhéanamh tráth ar bith, ach amháin i gcás forchoimeádas faoi Airteagal 3(2).
2. Beidh forchoimeádais a dhéanfar tráth an tsínithe faoi réir a ndearbhaithe tráth a ndaingnithe, a nglactha nó a bhformheasa. Gabhfaidh éifeacht leis na forchoimeádais sin an tráth céanna a thiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm i leith an Pháirtí lena mbaineann.
3. I gcás an Choinbhinsiúin, aon fhorchoimeádais a dhéanfar an tráth a dhaingneofar é, a nglactar leis, a fhormheasfar é nó a n-aontófar dó, gabhfaidh éifeacht leo an tráth céanna le teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo i leith an Pháirtí lena mbaineann.
4. Cé is moite d'fhorchoimeádas arna dhéanamh ag Páirtí faoi Airteagal 3(2), a ngabhfaidh éifeacht leis láithreach nuair a thaiscfear é, gabhfaidh éifeacht le forchoimeádas a thaiscfear tar éis don Choinbhinsiún a theacht i bhfeidhm don Pháirtí sin 12 mhí tar éis dháta a thaiscthe.
5. Déanfar forchoimeádais agus a ndearbhuithe a thaisceadh leis an taiscí.
6. Féadfaidh aon Pháirtí a dhéanann forchoimeádas faoin gCoinbhinsiún seo é a tharraingt siar tráth ar bith. Déanfar na haistarraingtí sin a thaisceadh leis an taiscí, agus gabhfaidh éifeacht leo tráth a dtaiscthe.

Airteagal 5.

Iarratas maidir le headráin idir infheisteoirí agus Stáit

Ní bheidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo ná ag aon fhorchoimeádas, nó ag aon aistarraingt forchoimeádais, ach amháin maidir le headráin idir infheisteoirí agus Stáit a thosófar tar éis an dáta a thiocfaidh an Coinbhinsiún, an forchoimeádas, nó aistarraingt forchoimeádais i bhfeidhm nó a ngabhfaidh éifeacht leis i leith gach Páirtí lena mbaineann.

Airteagal 6.

Taiscí

Ainmnítear leis seo Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe mar thaiscí an Choinbhinsiúin seo.

*Airteagal 7.***An Coinbhinsiún a shíniú, a dhaingniú, glacadh leis, é a fhormheas agus aontú dó**

1. Osclaíodh an Coinbhinsiún seo chun a shíniú in Port Louis, Oileán Mhuirís, an 17 Márta 2015 agus, ina dhiaidh sin, i gCeanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac ag aon (a) Stát; nó (b) eagraíocht um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach atá comhdhéanta de Stáit agus atá ina páirtí conarthach i gconradh infheistíochta.
2. Tá an Coinbhinsiún seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasa ag sínitheoirí an Choinbhinsiúin seo.
3. Tá an Coinbhinsiún seo ar oscailt chun aontachais do gach Stát nó eagraíocht um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach dá dtagraítear i mír 1 nach sínitheoirí iad ón dáta a bheidh sé ar oscailt chun a shíniú.
4. Déanfar ionstraimí daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais a thaisceadh leis an taiscí.

*Airteagal 8.***Rannpháirtíocht eagraíochtaí um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach**

1. Agus ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasa nó aontachais á taisceadh aici, cuirfidh eagraíocht um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach an taiscí ar an eolas faoi chonradh infheistíochta sonracha a bhfuil sí ina páirtí conarthach ann, arna shainaithint le teideal agus ainm na bpáirtithe conarthacha sa chonradh infheistíochta sin.
2. I gcás ina mbeidh líon na bPáirtithe ábhartha sa Choinbhinsiún seo, ní áirítear eagraíocht um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach mar Pháirtí ná a bhallstáit ar Páirtithe iad.

*Airteagal 9.***Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm 6 mhí tar éis an dáta a thaiscfear an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasa nó aontachais.
2. Nuair a dhaingníonn Stát nó eagraíocht um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach an Coinbhinsiún seo, nuair a ghlacann sé nó sí leis, nuair a fhormheasann sé nó sí é, nó nuair a aontaíonn sé nó sí dó, tar éis thaisceadh an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasa nó aontachais, tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm i leith an Stáit sin nó na heagraíochta um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach sin 6 mhí tar éis thaisceadh na hionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais.

*Airteagal 10.***Leasú**

1. Féadfaidh aon Pháirtí leasú ar an gCoinbhinsiún seo a mholadh trína chur faoi bhráid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe. Leis sin, déanfaidh an tArd-Rúnaí an leasú atá beartaithe a chur in iúl do na Páirtithe sa Choinbhinsiún seo maille le hiarraidh go gcuirfidh siad in iúl an bhfuil siad i bhfabhar comhdháil na bPáirtithe a bheith ann chun an togra a mheas agus vótáil ina leith. I gcás ina mbeidh aon trian ar a laghad de na Páirtithe i bhfabhar an chomhdháil sin a bheith ann laistigh de 4 mhí ó dháta na teachtaireachta sin, tionólfad an tArd-Rúnaí an chomhdháil faoi choimirce na Náisiún Aontaithe.
2. Déanfaidh comhdháil na bPáirtithe gach iarracht teacht ar chomhthoil maidir le gach leasú. Má bhíonn gach iarracht ar chomhthoil ídithe agus mura dtiocfar ar chomhthoil, beidh, mar rogha dheireanach, vóta tromlaigh dhá thrían de na Páirtithe atá i láthair agus ag vótáil ag an gcomhdháil ag teastáil chun an leasú a ghlacadh.
3. Cuirfidh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe leasú glactha faoi bhráid na bPáirtithe go léir chun é a dhaingniú, chun glacadh leis nó chun é a fhormheas.
4. Tagann leasú glactha i bhfeidhm 6 mhí tar éis an dáta a thaiscfear an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa. Nuair a thiocfaidh leasú i bhfeidhm, beidh sé ina cheangal ar na Páirtithe sin a bhfuil toiliú léirithe acu a bheith faoi cheangal aige.
5. Nuair a dhaingníonn Stát nó eagraíocht um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach leasú a tháinig i bhfeidhm cheana féin, nuair a ghlacann sé nó sí leis nó nuair a fhormheasann sé nó sí é, tiocfaidh an leasú i bhfeidhm i leith an Stáit sin nó na heagraíochta um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach sin 6 mhí tar éis thaisceadh na hionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa.
6. Measfar gur Páirtí sa Choinbhinsiún arna leasú é aon Stát nó eagraíocht um chomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach a thiocfaidh chun bheith ina Pháirtí sa Choinbhinsiún tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe.

*Airteagal 11.***Séanadh an Choinbhinsiúin seo**

1. Féadfaidh Páirtí an Coinbhinsiúin seo a shéanadh tráth ar bith trí fhógra foirmiúil a sheoladh chuig an taiscí. Gabhfaidh éifeacht leis an séanadh 12 mhí tar éis don taiscí an fógra a fháil.
2. Leanfaidh an Coinbhinsiún seo d'fheidhm a bheith aige maidir le headráin idir infheisteoirí agus Stáit ar cuireadh tús léi sula ngabhfaidh éifeacht leis an séanadh.

ARNA DHÉANAMH i scríbhinn bhunaidh amháin, a bhfuil comhúdarás ag na téacsanna Araibise, Sírise, Béarla, Fraincise, Rúisise agus Spáinnise.

DÁ FHIANÚ SIN, tá na lánchumhachtaigh thíos-sínithe, atá údaraithe go cuí chuige sin ag a Rialtais faoi seach, tar éis an Coinbhinsiún seo a shíniú.
